# Ceatharlach
# Carlow

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



Ducketts Grove,
Ceatharlach.

*Ducketts Grove,*
*Carlow.*

# Ábhar
# Contents


1 Réamhrá
*Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Cheatharlach
*Culture and Creativity in Carlow*

3 Fís Éire Ildánach i gContae Cheatharlach
*The Creative Ireland Vision for Carlow*

4 Luachanna Éire Ildánach i gContae Cheatharlach
*The Creative Ireland Values in Carlow*

5 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha maidir le Contae Cheatharlach
*Strategic Priorities for Carlow*

6 Cur i bhfeidhm
*Implementation and Measurement*

7 **Aguisín**
***Appendix***
Coiste Beartais Straitéisigh Chomhairle Chontae Cheatharlach
*Carlow County Council Strategic Policy Committee*
Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Cheatharlach
*Carlow County Council Cultural Team*
Páirtnéirí agus Comhoibrithe
*Partners and Collaborators*
Buíochas
*Acknowledgements*


CARLOW COUNTY COUNCIL
COMHAIRLE CHONTAE CHEATHARLOCHA

# 1 Réamhrá
## Foreword

TÁ DEIS SHUNTASACH i gContae Cheatharlach ag an gcultúr agus ag an gcruthaiteacht a theacht chun cinn agus faoi bhláth i saol an uile dhuine. Tríd an straitéis seo, táimid ag iarraidh ar phobail breathnú orthu féin mar chomhchruthaitheoirí a n-eispéireas féin ó thaobh cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta, agus iad ag obair i gcomhar le páirtnéirí ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar fholláine agus ar chaighdeán an tsaoil.

Tá timpeallacht álainn nádúrtha ann i gContae Cheatharlach don té a thugann cuairt ar an áit, a chónaíonn ann agus a oibríonn ann. Tá na Staighrí Dubha ar Stua Laighean, Slí na Bearú, Páirc Foraoise Pháirc na Darach, Gairdíní Altamount agus Garrán Duckett ann. Tá seaniarsmaí staire agus seandálaíochta ann aniar ó chultúr na gCeilteach, láithreacha réamhchríostaíochta amhail Dolmain Chnoc an Bhrúnaigh agus láithreacha eaglaiseacha amhail Tigh Moling chomh maith le limistéir speisialta faoi chaomhnú. Tá Músaem Contae Cheatharlach, atá suite i seanáras Chlochar na Toirbhirte ar Shráid an Choláiste i mbaile Cheatharlach, ar cheann de na músaeim áitiúla is nua in Éirinn agus gradam bronnta air mar gheall ar a fheabhas do lucht turasóireachta.

Cé gur contae beag é contae Ceatharlach, tá saibhreas ealaíon ann a chothaíonn lucht ealaíon agus dearthóireachta, lucht cruthaitheachta agus pobal na gcomharsanachtaí gach lá agus admhaítear go forleathan an tairbhe a dhéanann siad uilig maidir le saol na háite agus an tslí ina gcuirtear ar chumas na ndaoine fanacht i gcaidreamh lena chéile agus an mórtas cine a bhrath. Déantar ceiliúradh ar an gcultúr freisin i ngnáthimeachtaí an lae amhail imirt cártaí, cruinnithe áitiúla, insint scéalta, cur síos ar sheanchas agus nósanna na háite agus úsáid na Gaeilge.

COUNTY CARLOW PROVIDES A significant opportunity for culture and creativity to thrive and flourish for every person in every community. Through this strategy we invite communities to see themselves as co-creators of their own cultural and creative experiences, working with partners locally, nationally and internationally to enhance well-being and quality of life.

County Carlow offers a beautiful natural environment to visit, live and work in, such as, the Black Stairs on Mount Leinster, the River Barrow Way, Oak Park Forest Park, Altamont Gardens and Ducketts Grove. With its rich Celtic past, County Carlow is steeped in historical and archaeological artefacts from pagan sites such as the Brownshill Dolmen to ecclesiastical settlements at St.Mullins, along with special areas of conservation. Carlow County Museum is one of Ireland's newest county museums, an award-winning tourist attraction housed in the former Presentation Convent on College Street, Carlow Town.

County Carlow is artistically rich, animated daily by our artists, designers, creators and communities, all of which are significantly recognised for contributing to the well-being of the place and enabling people to stay connected and feel a sense of belonging. Culture is also celebrated in the habitual, everyday acts of playing cards, local area gatherings, sharing stories, exchanging folklore and traditions such as the Irish language.

Carlow is home to world-class, locally established national arts organisations developed through the County Arts Service. These have included Carlow Arts Festival, VISUAL, Music Generation Carlow, County Carlow Youth Theatre, Aspiro – Carlow Young Artists Choir, and Take A Part Carlow with members of the Tullow Road area of Carlow



Tá eagraíochtaí náisiúnta ealaíon de scoth an domhain, a bunaíodh go háitiúil agus a forbraíodh trí Seirbhís Ealaíon an Chontae, lonnaithe i gCeatharlach. Áirítear orthu sin Féile Ealaíon Cheatharlach, VISUAL, Music Generation Cheatharlach, Amharclann Óige Chontae Cheatharlach, Aspiro – Cór Chantairí Óga Cheatharlach, Take A Part Carlow ina bhfuil daoine as ceantar Bhóthar na Tulaí i gCeatharlach. I measc na n-imeachtaí cultúir a tionscnaíodh go neamhspleách, tá Féile Scríbhneoireachta agus Smaointeoireachta Theach na Buisíse, ar sampla é den iliomad féile a eagraítear ar fud Chontae Cheatharlach, agus FORM – córas caidrimh idir lucht dearthóireachta agus déantúsaíochta atá seanbhunaithe i gContae Cheatharlach – rud a léiríonn an spéis atá ag daoine in Éirinn agus thar lear san ealaín, sa dearthóireacht agus sa cheardaíocht a dhéantar sa cheantar.

Is ionaid bhríomhara pobail na leabharlanna poiblí i gCeatharlach áit ina dtagann daoine le chéile agus ina gcruthaítear tuiscint an phobail ar an áit, ar an gcultúr agus ar an bhféiniúlacht. Déantar ceannródaíocht iontu maidir le seirbhís nuálach a chur ar fáil lena spreagtar spéis, lena scaiptear eolas agus lena dtugtar deis níos fearr do dhaoine agus do chomharsanachtaí i réimse na léitheoireacht agus na litearthachta, i réimse na foghlama agus na faisnéise, agus sa réimse pobail agus cultúir. Baineann tionscnaimh amhail Éire Shláintiúil ag an Leabharlann leas as acmhainn na leabharlainn a bheith ina foinse fhiúntach sa phobal chun feabhas a chur ar chúrsaí sláinte agus folláine agus ar chaighdeán an tsaoil do phobail agus do dhaoine i ngach aoisghrúpa.

Sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016 – 2021 agus sa Plean Áitiúil d'Fhorbairt na nEalaío 2016 – 2021, tá bonn daingean faoi ról an chultúir agus ról na

Town. Independently initiated Cultural offerings also include Borris House Festival of Writing and Ideas which is just one of many festivals across County Carlow and FORM – a network of established designer makers from County Carlow, reflects the interest, both in Ireland and internationally, in our locally based art, design and crafts roots.

Carlow's public libraries are a vibrant focal point of the community, bringing people together in a welcoming community hub and providing a collective sense of place, culture, and identity. They are leaders in delivering an innovative service which engages, informs, and provides greater access for individuals and communities to reading and literacy, learning and information, and community and culture. Initiatives such as Healthy Ireland at Your Library harness the potential of the library to act as a valuable source within the community to improve the health, wellbeing, and overall quality of life of communities and individuals at all life stages.

Through the Local Economic and Community Plan 2016 – 2021 and Local Arts Development Plan 2016 – 2021 the role of culture and creativity is firmly placed at the heart of public policy in County Carlow promoting and encouraging the development of improved quality of life and public participation, facilitated through The Public Participation Network.

cruthaitheachta sa bheartas poiblí i gContae Cheatharlach ionas go spreagtar agus go gcothaítear feabhas ar chaighdeán an tsaoil agus ar rannpháirtíocht an phobail trí Líonra Rannpháirtíochta an Phobail.

Baineann Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Cheatharlach leas as oidhreacht os cionn tríocha bliain de cheannródaíocht i dtaca le forbairt an chultúir taobh istigh de Chomhairle Chontae Cheatharlach Is é an cuspóir atá leis an straitéis go mbeadh tairbhe bhreise ag polasaithe agus ag pleananna atá i bhfeidhm cheana féin ionas go gcuirfí leis an réimse leathan cultúir i gContae Cheatharlach trí thacú le cur chuige comhoibríoch comhtháite lena n-úsáidfear acmhainn an chultúir d'fhonn tacú le cuspóirí leathana sóisialta, eacnamaíochta agus pobail. Cruthófar deiseanna maidir le smaointeoireacht de chineálacha nua agus modhanna oibre de chineálacha nua ionas go gcinntítear go dtugtar i gcrích an fhís maidir le bonn a chur faoin gcruthaitheacht i ngach pobal.

**Cllr. William Paton**
Cathaoirleach
Chomhairle Chontae Cheatharlach

**Kathleen Holohan**
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Chontae Cheatharlach

County Carlow's Culture and Creativity strategy builds on a legacy of over thirty years of pioneering cultural development within Carlow County Council. The aim of this strategy is to add value to existing policies and plans to boost County Carlow's significant cultural offering by supporting a more collaborative and joined up approach that will harness the potential of culture to support wider social, economic and community objectives. It will create opportunities for new ways of thinking and new ways of working to ensure that our vision to enable creativity in every community is fully realised.

**Cllr. William Paton**
Cathaoirleach
Carlow County Council

**Kathleen Holohan**
Chief Executive
Carlow County Council






Gailearaí an Chéad Urláir,
Músaem Contae Cheatharlach

*First Floor Gallery, Carlow County Museum.*

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Cheatharlach
## Culture and Creativity in Carlow

TÁ AN CULTÚR agus an chruthaitheacht de dhlúth agus d'inneach i muintir Cheatharlach. Tugtar deis faoi leith, leis an straitéis seo, do Chontae Cheatharlach ár scéal a insint maidir le claochlú, seasmhacht agus nuáil i gcúrsaí cultúir agus a thoradh sin i gcúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus pobail. Níl sna haistí gairide seo a leanas, ina ndéanann triúr de mhuintir na háite a gcuid smaointe pearsanta faoi chúrsaí cultúir agus cruthaitheachta i gCeatharlach i láthair, ach tús na scéalaíochta ina leith sin.

...

Ceatharlach, baile mór taobh istigh den Pháil, baile mór garastúin agus contae ina bhfearann na Staighrí Dubha agus an Bhearú fáilte mhór romhat. Is contae é ina soláthraíonn sráidbhailte beaga agus bailte móra raon forleathan sraitheanna cultúir, staire agus gníomhaíochtaí.

Nuair a tháinig mo mhuintirse go Ceatharlach, seacht mbliana d'aois a bhí mise agus bhí sé d'ádh orm gur tharla i mbanna na scoile i Scoil Mhuire mé faoi stiúir na Siúrach Anna. Bhain mé triail as uirlisí éagsúla ach, sa deireadh is ar an bhfeadóg a shocraigh mé sa deireadh, uirlis a bhí á seinm ag m'athair agus ag an gcuid eile den chlann sa bhaile.

Bhain mise le teaghlach as Cill Chainnigh a bhí tugtha don cheol, don Ghaeilge, d'imirt cártaí agus d'insint scéalta. Shílinnse an t-am sin go dtéadh gach uile dhuine chuig céilithe, go raibh taibhsí ina gcónaí taobh amuigh den doras tosaigh ag gach duine, agus nach raibh an ceol a sheinntí ar an raidió ar aon leibhéal le hamhráin a chloisinn i mo thimpeall.

Más féidir a thabhairt de shainmhíniú ar an gcultúr gurb ionann é agus an ní a dhéanann na daoine, is áit í Ceatharlach, an baile agus an contae, inar furasta páirt a ghlacadh i gcultúir éagsúla. Tá an taobh tíre thar cionn ar fad. Tá siúlóidí fada ar chosáin agus taobh le haibhneacha ann ar féidir taitneamh a bhaint astu. Tá spraoi mór le baint as an saol faoin aer agus bíonn daoine eile den lucht eachtraíochta a chastar leat suáilceach meanmnach. Más í an tslí réidh leis an mBearú nó na bealaí géara sna sléibhte a shiúltar, tá cosán ann don uile choisí agus is féidir bádóireacht, iomramh agus cadhcáil a dhéanamh ar an mBearú.

Bíonn fáilte roimh smaointe i gCeatharlach. Is minic gur tús saothair é, léiriú ar an mbeocht atá ag baint le saol an chultúir sa cheantar. Ní aon spórt amháin atá in uachtar sa chontae ná aon chineál amháin ealaíne. Sílimse go bhfuil sé sin ar cheann de na buanna is mó atá ag rith leis an áit.

Rinne Bríd de Róiste ceannródaíocht maidir leis an nGaeilge sa bhaile mór ina bhfuil bunscoil agus meánscoil lán-Ghaeilge anois chomh maith le féile dhátheangach. Mhúin an tSiúr Anna do na glúnta leanaí i ndiaidh a chéile conas ceol a sheinm i Scoil Mhuire agus tá bannaí uirlisí práis, scoileanna damhsa, cóir, grúpaí scríbhneoireachta, cumainn staire, grúpaí ealaíon agus grúpaí ceoil ann ar fud an chontae agus iad go léir beo bríomhar. Tá Ionad Dearcealaíon den scoth ann i mbaile Cheatharlach. Tá clú go idirnáisiúnta ar Chór Aspiro a stiúrann Mary Amond O'Brien. Is féidir gach uile rud a dhéanamh i gCeatharlach. Tá gairdíní breátha ann, idir nua agus sheanbhunaithe, ar fud an chontae – ar áiteanna iad inar féidir imeachtaí cultúir a chur ar bun.

Chuaigh mise go dtí Scoil Leo agus rinne mé staidéar ina dhiaidh sin ar Litríocht an Bhéarla, ar an Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus ar an Amharclannaíocht. An chéad dráma riamh a raibh páirt agam ann, is é an Carlow Little Theatre a chuir ar stáitse é agus tá sásamh á bhaint agam riamh ó shin as obair amharclannaíochta.

Bíonn an taobh tíre agus stair Cheatharlach sáite go domhain i mo chuid saothar. Scéal ó ré na meánaoise atá á ríomh agam sa dráma

CULTURE AND CREATIVITY is at the heart of our community. This strategy provides a unique opportunity for County Carlow to share our story of cultural transformation, resilience and innovation and its social, economic and community impact. The following short essays are just the beginning of this storytelling journey as three local people share their personal reflections on culture and creativity in Carlow.

...

Carlow, a town within the pale, a garrison town and a county where the glorious Blackstairs Mountains and the river Barrow stretch out a warm welcome. It's a county where small villages and the larger towns provide layers of culture, of history and of activities.

When we moved to Carlow, I was seven and it was my good fortune to find myself in the Scoil Mhuire School band with Sister Anna. I tried lots of instruments but the one I settled on was the whistle, an instrument that was played at home by my father and my siblings.

I was born into a Kilkenny family that loved music, the Irish language, playing cards and telling stories. I thought that everybody went to ceilís, that ghosts lived outside everyone's front door and music played on the radio wasn't as real as the songs that I heard all around me.

If culture can be defined as something that people do, Carlow, town and county, is a place where it's easy to participate in many cultures. The landscape is extraordinary. There are miles of trails and rivers to enjoy. There's a great sense of fun in the outdoor life and fellow adventurers are friendly and enthusiastic. From the flat Barrow track to the steep mountain paths, there's something for everyone while the Barrow lends itself to boating, rowing and kayaking.

There's an openness to ideas in Carlow. In many ways it's a work in progress, a reflection on the vitality of cultural life in the area. The county isn't dominated by one sport or any art form. I think this is a great strength.

Bríd de Róiste paved a path of Irish language through the town which now boasts an Irish speaking primary and secondary school and a bilingual festival. Sister Anna taught generations of children to play music in Scoil Mhuire and there are brass bands, dance schools, choirs, writing groups, history societies, art groups, music groups all alive and vibrant throughout the county. There's an astonishing Visual Arts Centre in Carlow town. Mary Amond O Brien's Aspiro Choir is internationally recognised. In Carlow, anything is possible. There are beautiful new and established gardens throughout the county – spaces where cultural events occur.

I went to school in St Leo's and subsequently studied English Literature, Creative Writing and Theatre. The first play I was cast in was with the Carlow Little Theatre and I have enjoyed theatre work ever since.

The landscape and history of Carlow are embedded in my work. My most recent play 'The Winter Dress' is a medieval story set in the hamlet of Wells on the county border. I was really delighted to perform the piece in VISUAL and in the Carlow County Museum, as well as touring it nationwide.

I have received support from the Arts Office in the form of Artlinks bursaries over the years. I used the money to work on a play; research a novel and study and develop my practice.

Carlow is often quiet about its successes; a throwback perhaps to our garrison days when people had good reason for not wanting to draw attention to themselves.



Ceardlann bunscoileanna, Obair ealaíne le Rhona Byrne in VISUAL, Ceatharlach. Creidiúint Ros Kavanagh

*Primary schools workshop, Artwork by Rhona Byrne in VISUAL, Carlow. Credit Ros Kavanagh*





is deireanaí a scríobh mé, The Winter Dress, atá suite i mbaile beag Wells ar theorainn an chontae. Ba chúis ríméid dom an saothar sin a chur i láthair i VISUAL agus i Músaem Contae Cheatharlach, chomh maith lena thabhairt ar chamchuairt timpeall na tíre.
Thug an Oifig Ealaíon cúnamh dom i rith na mblianta le sparánachtaí Artlinks. D'úsáid mé an t-airgead sin ag obair ar dhráma; i mbun taighde le haghaidh úrscéil agus i mbun staidéir agus i mbun mo chuid nósanna oibre a shaothrú.

Is minic nach mbítear glórach i gCeatharlach faoi nithe a bhaintear amach; modh iompair aniar ó laethanta an gharastúin b'fhéidir nuair a bhí cúis mhaith ag daoine gan aird a tharraingt orthu féin.

Bítear neirbhíseach uaireanta faoi bheith os comhair an tsaoil agus ní éiríonn le gach ní a thriailtear. Ní fhoilsítear an t-úrscéal i gcónaí, is mó an líon dánta a bhíonn sa leabhar nótaí ná a bhíonn i gcló, ach is mar sin a bhíonn saol na cruthaitheachta – bíonn tuile agus lagtrá ann agus is tábhachtach an rud comhluadar daoine a thugann de mhisneach duit leanúint ar aghaidh, ceiliúradh a dhéanamh ar an gcéim chun tosaigh agus ugach a thabhairt duit nuair nach n-éiríonn leat.

De réir mar a dúirt George Bernard Shaw, ní amháin gur cheart meas a bheith ar an té a dhéanann botúin i rith an tsaoil ach is fiúntaí an saol a chaitheamh ar an gcaoi sin ná ligean don saol imeacht gan aon ní a thriail. Ní clú agus cáil, agus an méid sin amháin, atá i gceist le saol na cruthaitheachta. A bheith dílis don duine féin agus teacht ar bhealach chun an duine sin a chur in iúl agus i láthair, sin é atá i gceist leis. Agus is áit í Ceatharlach ina gcothaítear na daoine ar mian leo an cur in iúl sin a dhéanamh.

**Angela Keogh**

It can seem a bit daunting to put yourself out there and not everything succeeds. The novel doesn't always get published, the poems in the notebooks outweigh the ones in print, such is the creative life, the highs and lows and it's important to have people who encourage you to keep going, to celebrate the small successes and to support you through the failures.

As George Bernard Shaw said "a life spent making mistakes is not only more honourable but more useful than a life spent doing nothing". But a creative life isn't purely about success. It's about being who you are and finding the voice and freedom to express that. And Carlow is a nourishing garden for people who want to or who are involved in the pursuit of that expression.

**Angela Keogh**

…
Is díol suntais domsa, ó tháinig mé chun cónaí a dhéanamh i gCeatharlach cúig bliana ó shin, chomh beo bríomhar agus atá cúrsaí ealaíon sa chontae. Sular tháinig mé i mbun oibre anseo, bhí mé, ón mbliain 1982 i leith, i mo scríbhneoir agus i mo stiúrthóir ealaíon leis an gcompántas amharclannaíochta Mend and Make do.

Ó tháinig mé go Ceatharlach, is é an cúnamh a thug Oifig Ealaíon Cheatharlach agus Artlinks a d'fhág gurbh fhéidir léiriúcháin an chompántais a phleanáil. Le cúig bliana anuas, mar gheall ar an spreagadh, ar an gcúnamh airgid, agus ar aisteoirí agus spás don chleachtadh a bheith ar fáil, tá cleachtadh agus léiriú déanta againn ar thrí cinn de mhórshaothair nua, gan trácht ar roinnt saothar gairid eile.

Is suntasach an rud é, maidir leis an acmhainn agus leis na hionaid atá ar fáil sa chontae, gurb é Mend and Make Do agus VISUAL i gCeatharlach a roghnaigh Leonard Cohen mar chompántas agus mar ionad dá shaothar éagnairce do dhaoine óga, is é sin, Between Your Love and Mine. As Ceatharlach agus an gceantar máguaird a tháinig gach duine den chliar aisteoireachta, ceoltóireachta agus amharclannaíochta don léiriúchán camchuairte sin. Is maith an teist ar ghairmiúlacht na ndaoine sin ar fad gur thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn cuireadh don chompántas an seó a chur i láthair in Áras an Uachtaráin ar an Oíche Chultúir.

I rith na míosa díreach roimh bhás Leonard Cohen, labhair mé leis faoi thaispeántas mór dá chuid péintéireachta a chur ar siúl i gContae Cheatharlach agus d'aontaigh sé go fonnmhar leis mar smaoineamh – teist eile ar chlú an cheantair.

Le dhá bhliain anuas, tá sé d'ádh ormsa a bheith ag oibriú mar Scríbhneoir Cónaitheach le hOifig Ealaíon Cheatharlach agus le leabharlanna Cheatharlach. Tá níos mó ná leathchéad scríbhneoir atá ag teacht chun cinn tar éis freastal ar na ceardlanna a bhíonn ar siúl faoi thrí sa mhí páirt a ghlacadh i léitheoireacht phoiblí sna leabharlanna agus in VISUAL agus tá cartlann d'ábhar scannánaíochta maidir lena gcuid saothar curtha le chéile ag na scríbhneoirí a bhí i gceist agus beidh foilseachán á chur ar fáil acu i mí an Mhárta 2018.
Is daoine iad seo a oibríonn ina n-aonar, roinnt acu nach ndearna scríbhneoireacht chruthaitheach roimhe seo, agus is mór an tairbhe atá faighte acu as an gcúnamh agus an spreagadh a fuair siad le dhá bhliain anuas, as an misneach agus as ann muinín a cothaíodh iontu, agus as an aitheantas a fuarthas dá saothair, agus as foilsiú an tsaothair sin ar bhonn náisiúnta.

Tá ealaíontóirí aonair, atá scaipthe ar fud an chontae – agus iad ina gcónaí in áiteanna éagsúla idir bhaile mór Cheatharlach nó le taobh an tsléibhe i ndeisceart an Chontae – ag cur go mór le tréimhse an-spreagúil maidir le forbairt an chontae i dtaca le cúrsaí cultúir agus ealaíne de.

Ó thaobh cúrsaí cultúir agus teanga, d'fhéadfaí a rá gur ceantar Gaeltachta é baile Cheatharlach.

Is mór an gar domsa – i mo cháil mar scríbhneoir, mar stiúrthóir agus mar aisteoir – a bheith ag feidhmiú i dtimpeallacht den chineál seo agus tá borradh nua curtha ionam ó thaobh fuinnimh agus fonn oibre. Más beag an contae é, is mór an éagsúlacht agus an díograis atá i gceist le saothrú na n-ealaíon ann agus leis an gcur chuige d'fhonn gnáthchuid den saol a dhéanamh de na healaíona.

**John MacKenna**
Scríbhneoir Cónaitheach
Contae Cheatharlach





…
Since coming to live and work in Carlow five years ago, I've been hugely impressed by the vitality of the arts in the county. I came here, having worked as a writer and as artistic director with Mend and Makedo Theatre Co since 1982.

Since arriving in Carlow, the support of the Carlow Arts Office and of Artlinks have made it possible to plan productions for the company. The combination of encouragement; financial assistance; availability of actors and of rehearsal space has meant that within a five year period we will have rehearsed and premiered three major new works and a number of shorter pieces.

The fact that the late Leonard Cohen chose Mend and Makedo as a company and VISUAL Carlow as a venue for his requiem for young people, Between Your Love and Mine, speaks volumes for the potential the county and the venue possess. All of the highly-talented cast, musicians and crew of that touring production came from Carlow and its hinterland. Again, the fact that the President, Michael D Higgins invited the company to stage the production at Áras an Uachtaráin on Culture Night is testament to the professionalism of everyone involved.

In the months before his death, I had spoken to Leonard Cohen about the possibility of staging a major exhibition of his paintings in Co Carlow and he had enthusiastically agreed to the idea – a further testament to the reputation of the area.

In the past two years I have been fortunate enough to work as Writer in Residence with Carlow Arts Office and Carlow libraries. More than fifty emerging writers have attended the thrice monthly workshops and taken part in public readings in the libraries and in VISUAL and the writers involved have completed a film archive of their work and will produce a publication in March of 2018.
These are people who have been working individually, some never previously having written creatively, and they have greatly benefitted from the support and encouragement they received over a two year period, growing in confidence and having their work recognised and published nationally.

Individual artists, scattered across the county and living anywhere from Carlow town to the sides of the mountains to the south – all are contributing to an extraordinarily exciting time in the cultural and artistic development of the county.

In terms of culture and language, Carlow town virtually qualifies as a Gaeltacht area.

To find myself – as a writer, director and actor – working in such an environment is hugely rewarding and has given me renewed energy, enthusiasm and appetite for my work. For such a small county, Carlow has an extraordinarily diverse and grounded approach to making the arts something real and alive.

**John MacKenna**
County Carlow
Writer in Residence

…

Ceiliúradh ar an saol agus ar mhodh maireachtála atá sa chultúr agus is iomaí deis atá ag daoine óga páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha i gCeatharlach.

Ag an gcampa ceoil a ritheann seirbhísí óige Cheatharlach a fuair mise blaiseadh, den chéad uair, ar cheol a sheinm os comhair an phobail. Is iontach an spreagadh a bhí ansin agam in éineacht le daoine eile ar aon mheon liom as gach cuid den chontae. Ní raibh aon bhrú i gceist leis, sult agus taitneamh as an gceol amháin. Ar aghaidh ansin go scoil Naomh Leo agus is mór an cleachtadh a fuair mé ar pháirt a ghlacadh i seónna ansin. Nuair a bhí mé beagán níos sine, bhínn ag seinm ag na coirmeacha Aoine leis na seirbhísí óige agus tharlaíodh blianta áirithe go mbíodh coirm cheoil againn in VISUAL.

Bhí baint agam mar gheall air sin leis na Gradaim Cheoil do Dhaoine Óga na hÉireann agus is iomaí deis a tháinig uaidh sin. Mar thoradh air sin thosaigh mé ar amhráin de mo chuid féin a chumadh. Bhínn ag seinm ag oícheanta oscailte ar scoil agus ag ócáidí cinn bhliana chomh maith le canadh sa chór aireagail – rud a raibh gné na hiomaíochta ag baint leis. D'fhág sé sin gur oibrigh mé le go leor daoine éagsúla agus ba iontach an deis sin. Rinne mé staidéar freisin le Majella Swan i Scoil Cheoil Cheatharlach agus d'fhoghlaim mé cuid mhór ansin freisin.

Fuair mé deis páirt a ghlacadh i gclub na gCumadóirí Óga le Music Generation agus tugadh sparánacht dom maidir le ranganna amhránaíochta. Bhíodh club na gCumadóirí Óga agus club na gCeoltóirí Óga ag obair as lámha a chéile chomh maith. Chuaigh mé ar aghaidh ansin chuig an gColáiste agus tá mé sa dara bliain anois i mbun staidéir ar an bpopcheol i Scoil Cheoil Chorcaí.

Is mar gheall ar na deiseanna sin ar fad i gCeatharlach a tháinig mo scileanna ceoil agus

…

Culture is a celebration of life and a way of life and there are lots of opportunities for young people to participate in cultural events in Carlow.

I was introduced to music performance through the Carlow youth services music camp. It was a really supportive place to be with like-minded people from all over the county. There was no pressure, it was about enjoyment. Then through St Leo's school and through participating in shows I got more experience. As I got older I'd play the youth services Friday night gigs. Then, every couple of years, we'd get to play at a gig in VISUAL.

